Lámhleabhar Chomhairle Chontae na Mí le haghaidh

Cumann Cónaitheoirí

comhairle chontae na mí
meath county council

TABLE OF CONTENTS

1. Tús Eolais 3

2. Cad is Cumann Cónaitheoirí Ann? 4

3. Cumann Cónaitheoirí a Bhunú 5

4. Cumann Cónaitheoirí éifeachtach a Rith 8

5. Tacaíocht atá ar fáil do Chumainn Cónaitheoirí 17

Aguisíní

Aguisín 1: Teimpléad don Chlár don chruinniú tosaigh 21

Aguisín 2: Teimpléad de Chlár do Chruinniú Coiste 22

Aguisín 3: Teimpléad um Bunreacht Chumann Cónaitheoirí 23

Aguisín 4: Ról na nOifigeach ag Cruinnithe Coiste 27

Aguisín 5: Cód Scothchleachtais um Chumann Cónaitheoirí 29

Aguisín 6: Treoirlínte Airgeadais do Chumainn Cónaitheoirí 32

Aguisín 7: Seicliosta chun Cumann Cónaitheoirí a Bhunú 34

Aguisín 8: Teagmhálaithe úsáideacha 35

1. TÚS EOLAIS

Forbraíodh an lámhleabhar seo do bhaill phobail ar mian leo grúpa a bhunú, i bhfoirm Chumann Cónaitheoirí, a thiocfaidh le chéile chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna áitiúla, freastal ar riachtanais an phobail áitiúil, maoiniú / deontais a aimsiú agus oibriú as lámh a chéile chun a n-eastát nó a gceantair áitiúla a fheabhsú. Tacóidh an lámhleabhar seo le Cumainn Cónaitheoirí nua agus reatha lena gcuid gníomhaíochtaí a eagrú agus a bhainistiú. Míneofar ann na príomhróil i gCumann Cónaitheoirí; cuirfear teimpléid ar fáil chun cruinnithe a bhainistiú agus tabharfar sonraí ar ghníomhaireachtaí tacaíochta ábhartha.

2. CAD IS CUMANN CÓNAITHEOIRÍ ANN?

Is éard atá i gCumann Cónaitheoirí grúpa daoine áitiúla a thagann le chéile chun a gceantar áitiúil a chur chun cinn agus a fheabhsú agus gníomhú mar urlabhraithe ar son an phobail sin.

Is féidir le Cumann Cónaitheoirí ionadaíocht a dhéanamh ar theaghlaigh a cheannaíonn, atá ina n-úinéirí ar nó a thógann a gcuid tithe ar cíos in Eastáit Údaráis Áitiúil nó in Eastáit Phríobháideacha. Spreagann Comhairle Chontae na Mí cónaitheoirí chun oibriú le chéile agus tugann sé tacaíocht dóibh déanamh amhlaidh agus ionadaíocht a dhéanamh freisin ar thuairimí na gcónaitheoirí go léir chun go mbeidh a n-eastát/a bpobal níos fearr mar áit chónaithe.

Cabhróidh an Cumann le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna / ábhair imní an cheantair, cosúil le saincheisteanna comhshaoil agus cothabhála (bearradh féir, glantacháin etc), páirceáil, guaiseacha tráchta; agus cabhróidh sé le réitigh a aithint. Féadann sé tabhairt faoi thionscadail phobail, mar shampla iarratas a dhéanamh ar dheontais, imeachtaí sóisialta a eagrú, ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna sa cheantar áitiúil agus tionchar a imirt ar chinnteoirí. Freisin féadann sé deis a thabhairt duit casadh ar do chuid comharsana agus scileanna nua a shealbhú.

3. CUMANN CÓNAITHEOIRÍ A BHUNÚ

-Róil a thabhairt do dhaoine

Gníomh dearfach ar mhaithe leis an áit a bhfuil cónaí ort ann atá i gceist le Cumann Cónaitheoirí a bhunú agus ról a ghlacadh ann.Tá go leor cúiseanna ann, áfach, go bhféadfadh nach mbeadh daoine ag iarraidh bheith páirteach ina bpobal áitiúil. D'fhéadfadh sé go measfaidís nach bhfuil gá le Cumann Cónaitheoirí nó nach bhfuil an t-am acu le bheith páirteach ná cur le gníomhaíochtaí leis an eastát.

An bealach is fearr le ról a thabhairt do chónaitheoirí agus na dúshláin sin a shárú ná rud éigin dearfach a dhéanamh i d'eastát agus cuireadh a thabhairt do dhaoine cabhrú leat. Nuair atá tairbhí na ngníomhartha dearfacha le feiceáil ag daoine, is mó an seans go mbeidh siad ag iarraidh bheith páirteach.

Nuair atá Cumann Cónaitheoirí á bhunú tá cúpla pointe ar fiú cuimhneamh orthu:

- Socraigh spriocanna réalaíocha.
- Déan iarracht ról a thabhairt don oiread daoine agus is féidir i gcinntí a dhéanamh agus i bhfreagrachtaí a ghlacadh.
- Coinnigh gach duine ar an eolas faoina bhfuil ar siúl.
- Tar ar thuiscint le saorálaithe go mbeidh orthu cuid dá gcuid ama a thabhairt le freastal ar chruinnithe rialta.

Mar chéad chéim, beidh cruinniú ag na cónaitheoirí siúd ar spéis leo an cumann a bhunú. Is é cuspóir an chruinnithe dáta agus ionad a aithint sa chaoi go mbeidh an oiread daoine agus is féidir in ann freastal ar Chruinniú Oscailte (féach thíos) agus ba cheart gach iarracht a dhéanamh gan aon duine a scoitheadh amach nó cúis ghearáin a thabhairt. Is iad na príomhchúraimí ag an gcéad chéim sin ná:

1. Daoine a cheapadh chun Cathaoirleacht a dhéanamh, Tinreamh a Thaifeadadh agus Miontuairiscí an Chruinnithe Oscailte a ghlacadh go dtoghfar Coiste.
2. Aontú ar Chlár Bunúsach don Chruinniú Oscailte.
3. Ionad oiriúnach a aimsiú atá inrochtana do chathaoireacha rothaí.
4. Fógra a thabhairt do gach cónaitheoir, trí fhógraí/bhileoga/tríd na meáin shóisialta/ó bhéal go béal

Cruinniú tosaigh

Tá sé tábhachtach go mbeadh an Cruinniú Oscailte pleanáilte agus leagtha amach chun an toradh inmhianaithe a bhaint amach - Cumann Cónaitheoirí a bhunú.

- Déan cinnte go bhfuil an t-ionad oscailte in am agus go gcuirtear fáilte roimh dhaoine nuair a thagann siad.
- Cuir bileog liosta freastail (ainm agus uimhir tí) in aice leis an mbealach isteach chun síniú a éascú.
- Scaip Cláir ar fud an tseomra.
- Cuir an Príomhchainteoir / Na Príomhchainteoirí in aithne agus cuir in iúl go soiléir cad atá an grúpa ag iarraidh a bhaint amach agus an chaoi a mbainfeadh an pobal tairbhe as Cumann Cónaitheoirí.
- Iarr toiliú le dul ar aghaidh go foirmiúil agus Coiste a thoghadh (Is féidir Oifigigh Choiste a thoghadh ag an gcruinniú sin nó ag an gcéad Chruinniú Coiste). Is féidir le grúpa ar bith ina bhfuil triúr nó níos mó Cumann Cónaitheoirí a bhunú.
- GBE (Gnó Ar Bith Eile): Ag an gcéim sin is féidir míreanna nach bhfuil ar an gclár a phlé.
- Socraigh dáta, am, agus ionad don chéad chruinniú eile le Baill Coiste nua-thofa.

Tá sé tábhachtach i ndiaidh an Chruinnithe Oscailte go gcuirfí an t-eastát nó an ceantar áitiúil ar an eolas faoin gcinneadh maidir le Cumann Cónaitheoirí a bhunú.

Beidh cumarsáid éifeachtach ríthábhachtach chun do chumann a rith go rathúil agus chun plé le do chuid comharsana. Moltar go láidir go mbeadh do choiste ionadaíoch ar an eastát nó ar an gceantar i gcoitinne agus go mbainfí amach cothromaíocht inscne leis.

4. CUMANN CÓNAITHEOIRÍ ÉIFEACHTACH A RITH

4.1 Róil agus Freagrachtaí

Sa chuid seo míneofar na Róil agus na Freagrachtaí a bheidh ag na baill i gCumann Cónaitheoirí.

Ball Coiste

Tá i bhfad níos mó i gceist le bheith mar bhall coiste ná díreach freastal ar chruinnithe, cé gurb é sin céad chúram an bhaill choiste. Ba cheart duit do rannpháirtíocht ar an gcoiste a mheas mar ról gníomhach seachas ról éighníomhach. Cé gur gá duit freastal ar chruinnithe, is gá duit freisin a bheith ar an eolas faoi na cinntí atá cead ag do choiste a dhéanamh, agus oibriú le baill eile den choiste le teacht ar chomhthoil chun gur féidir gnó a bhogadh trí struchtúr an choiste. Tá ról lárnach ag baill an choiste i gCumann Cónaitheoirí.

Seo a leanas ról an bhaill choiste:

- Freastal ar chruinnithe.
- Cabhrú le himeachtaí a eagrú.
- Ról a ghlacadh i bplé.
- Aiseolas a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann leis an eastát.
- Rúndacht daoine aonair a urramú.
- Cinntí a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail áitiúil.
- Tacú leis an gcoiste agus glacadh le vótaí tromlaigh.
- Oibriú le chéile mar fhoireann.
- Cabhrú le nuachtlitreacha / bileoga a scaipeadh ar an gceantar áitiúil nuair is gá.
- Aiseolas a fháil ó do chomharsana faoi na saincheisteanna atá á bplé ag cruinniú an Chumainn Cónaitheoirí.

Cathaoirleach

Is é ról an Chathaoirligh cathaoirleacht a dhéanamh ar chruinnithe, an coiste a stiúradh agus ionadaíocht a dhéanamh air.

Áirítear le príomhfhreagrachtaí an Chathaoirligh:

- A bheith go hiomlán ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí atá á ndéanamh ag an ngrúpa.
- Cinntiú maidir le cúraimí atá tarmligthe do bhaill eile den choiste, go bhfuiltear á ndéanamh go tráthúil.
- Freagracht a ghlacadh as an ngrúpa a éascú chun oibriú go maith le chéile i dtreo aidhmeanna an choiste a bhaint amach agus cabhair agus tacaíocht a thabhairt áit is gá, a chinntiú go gceadaítear do gach duine labhairt / go spreagtar iad déanamh amhlaidh.
- Gníomhú mar urlabhraí agus ionadaíocht a dhéanamh ar an gcoiste do chomhlachtaí, líonraí seachtracha agus mar sin de.
- Cabhrú leis an gcoiste béim a choinneáil ar bhaint amach na n-aidhmeanna, na gcuspóirí agus na bpleananna oibre comhaontaithe.
- Cinntí éigeandála a dhéanamh idir cruinnithe nuair is gá i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá aontaithe ag an gcoiste.
- An cruinniú a phleanáil nó a rith (nó tarmligean de réir mar is gá).
- A chinntiú go gcuirtear an t-eolas riachtanach go léir ar fáil do bhaill an choiste.
- A chinntiú go gcoinnítear taifid leordhóthanacha de chruinnithe.
- A chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm pleananna / gníomhartha a aontaítear le linn an chruinnithe.

An Leaschathaoirleach

Téann an Leaschathaoirleach chuig an gcruinniú thar ceann an Chathaoirligh nuair is gá agus tugann siad tacaíocht riaracháin nuair is gá sin.

Rúnaí

Is é príomhról an Rúnaí a chinntiú go gcoinnítear gach duine ar an eolas.

Áirítear le príomhfhreagrachtaí Rúnaí:

- Miontuairiscí cruinnithe a ghlacadh.
- Litreacha a scríobh go hoifigiúil thar ceann an ghrúpa.
- Glacadh le comhfhreagras thar ceann an ghrúpa agus an t-eolas is déanaí a thabhairt don ghrúpa faoi chomhfhreagras.
- Liosta a choinneáil de na baill reatha ar an gcoiste.
- D'fhéadfadh sé go mbeifí in ann duine ar leithligh a thoghadh leis na miontuairiscí a ghlacadh chun cuid den bhrú a bhaint den Rúnaí, ach is de réir rogha an choiste a dhéantar sin.
- Áirítear le príomhfhreagrachtaí an duine a ghlacann na miontuairiscí:
- Cruinnithe a eagrú mar shampla, am agus áit agus mar sin de.
- An clár a dhréachtú leis an gCathaoirleach.
- Miontuairiscí a ghlacadh.
- Miontuairiscí agus clár an chéad chruinnithe eile a scríobh agus a scaipeadh.

Cisteoir

Is ar an gCisteoir atá freagracht laethúil as cistí an Chumainn Cónaitheoirí. Tá siad freagrach as leabhair chuntais chruinne a choinneáil. Tá sé tábhachtach, áfach, a thabhairt faoi deara gurb ar an gcoiste atá an fhreagracht fhoriomlán as cinneadh conas na cistí a úsáid agus a chinntiú go mbainistítear i gceart iad.

Áirítear le príomhfhreagrachtaí an Chisteora:

- Doiciméad beartais agus nósanna imeachta airgeadais a shocrú le faomhadh an choiste.
- An cuntas bainc a oscailt.
- Monatóireacht a dhéanamh ar ioncam agus ar chaiteachas an ghrúpa.
- A chinntiú go ndéantar an t-airgead go léir a lóisteáil i gcuntas bainc an ghrúpa.
- A chinntiú go bhfuil sonraisc agus admhálacha ar fáil maidir le gach íocaíocht a dhéantar.
- An coiste a choinneáil ar an eolas faoi staid airgeadais na heagraíochta.
- Tuairisc airgeadais a chur i láthair ag gach cruinniú.
- Na cuntais a chur i láthair do Chruinniú Cinn Bliana na heagraíochta.
- Ionadaíocht a dhéanamh ar an eagraíocht in iarratais ar mhaoiniú.

4.2 Bunreacht

Ba cheart go mbeadh bunreacht ag gach Cumann Cónaitheoirí. Tá an Bunreacht ar cheann de na doiciméid is tábhachtaí a fhorbróidh do ghrúpa. Is éard atá i mbunreacht ná sraith rialacha / nósanna imeachta chun cabhrú leis an gcoiste le gnó an choiste a dhéanamh ó lá go chéile. Cabhróidh sé le fadhbanna a réiteach agus leis na rialacha a shoiléiriú. Liosta nósanna imeachta i ndáil le cinnteoireacht atá i gceist leis. Leagtar amach leis aidhmeanna agus cuspóirí an ghrúpa. Aontaíonn an coiste an bunreacht, leasaíonn sé agus daingníonn sé é ag an gCruinniú Cinn Bliana ach ní dhéantar é seo ach amháin má fhaigheann sé tacaíocht ó thrí cheathrú de líon na mball / na gcónaitheoirí atá i láthair.Cé gur cheart go mbeadh Cumann Cónaitheoirí neamhfhoirmiúil ina dhéanamh, tá sé tábhachtach go mbeadh rialacha agus nósanna imeachta comhaontaithe i bhfeidhm chun a chinntiú go reáchtáiltear do choiste go héifeachtach. Tá bunreacht samplach san áireamh in Aguisín 3.

4.3 Árachas

Molann Comhairle Chontae na Mí do Chumainn Cónaitheoirí árachas leordhóthanach Dliteanais Phoiblí a bheith acu le slánú agus cosaint ar éilimh a d'fhéadfaí a dhéanamh. Ba cheart don Chumann Cónaitheoirí dul i dteagmháil le soláthraithe nó bróicéirí árachais chun an clúdach árachais a fháil atá oiriúnach dá gcuid gníomhaíochtaí.

4.4. Cruinnithe

Féadann do Chumann Cónaitheoirí trí chineál cruinnithe a reáchtáil:

Gnáthchruinnithe:
Is é sin an cineál cruinnithe is minice ag a bpléifear le hábhair leanúnacha a bhaineann le leas an Chumainn Cónaitheoirí. I measc na míreanna tipiciúla cláir a d'fhéadfadh a bheith san áireamh mar shampla tá tuairisc ar an bPlean Oibre Bliantúil, an Tuairisc Airgeadais agus ainm a chur le hlarratais ar Mhaoiniú.

Cruinniú Cinn Bliana (CCB):
Bíonn Cruinniú Cinn Bliana (CCB) oscailte do gach ball/cónaitheoir agus eagraíonn an coiste go bliantúil é. Ag an CCB tabharfaidh an coiste tuairisc ar a chuid oibre bliantúla, cuirfidh sé ráiteas cuntas i láthair agus oibreoidh sé ar choiste nua a thoghadh don bhliain dar gcionn.

Cruinniú Ginearálta Urghnách (CGU):
Bíonn Cruinniú Ginearálta Urghnách (CGU) oscailte do gach ball/cónaitheoir agus gairfear é má mheasann an coiste gur gá é chun ábhar a phlé atá róthábhachtach le go bhfanfaí go dtí an chéad CCB eile. Sa Chlár do CGU ní mór na rúin (tograí foirmiúla le plé) a liostáil roimh an CGU.

Cruinniú a Eagrú:
Sna nósanna imeachta atá leagtha amach thíos tugtar treoir ar an gcaoi a bhféadfaí cruinniú coiste a eagrú. Tabhair faoi deara le do thoil gur cheart cloí leis na treoirlínte atá cuimsithe i mBunreacht an Chumainn Cónaitheoirí agus Cruinniú Cinn Bliana (CCB) nó Cruinniú Ginearálta Urghnách (CGU) an Chumainn á eagrú.

Nósanna Imeachta an Choiste:

Ba cheart an clár a scaipeadh chuig na baill den choiste seachtain amháin roimh an gcruinniú agus é a chur ar fáil ag tús an chruinnithe. Féadfar míreanna nua a chur leis an gclár ag tús an chruinnithe faoi GBE. Ba cheart plé in ord le gach mír atá ar an gclár agus í a thabhairt chun críche sula mbogfar ar aghaidh chuig an gcéad mhír eile. I gcás gur gá cinneadh a ghlacadh maidir le mír atá ar an gclár agus murar féidir leis an gcoiste aontú ar chinneadh, socrófar an toradh le comhaireamh lámh.

I gcás líon comhionann vótaí, beidh an dara vóta nó an vóta réitigh ag an gCathaoirleach. Leagfar amach sa bhunreacht líon na mball coiste, ar a dtabharfar córam nach mór a bheith i láthair le go dtarlódh cruinniú agus le gur féidir cinntí a dhéanamh. Tá sé tábhachtach cloí le dea-nósmhaireacht cruinnithe trí chinntiú go dtosaítear agus go gcríochnaítear cruinnithe in am agus go léirítear meas ar thuairimí iad siúd atá i láthair. Is é an Cathaoirleach a bhainistíonn an cruinniú agus tá sé freagrach as a chinntiú go bpléitear le gach ábhar ar an gclár agus go gcloistear gach tuairim. Is tríd an gCathaoirleach a threoraítear ceisteanna.

4.5 Cumarsáid

Tá sé fíorthábhachtach go mbeadh cumarsáid éifeachtach agus chuimsitheach ag an gCumann Cónaitheoirí leis an eastát nó leis an gceantar i gcoitinne. Moltar go n-ainmneodh an coiste duine amháin chun maoirseacht a dhéanamh ar chumarsáid. D'fhéadfadh go mbeadh sé sin i bhfoirm:

- Cuntais an Chumainn Cónaitheoirí ar na meáin shóisialta chun eolas a scaipeadh chuig cónaitheoirí agus aiseolas a fháil uathu.
- Nuachtlitreacha
- Fógraí poiblí (má aontaítear, laistigh den eastát nó den cheantar).
- Seoladh ríomhphoist a choinneáil arna bhunú ag an gCumann Cónaitheoirí.

Líonra Rannpháirtíochta Poiblí

Is é Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP) na Mí an bealach inar féidir le grúpaí pobail plé le Comhairle Chontae na Mí.

Faoi láthair tá breis is 700 ball-ghrúpa ag LRP na Mí ó na hearnálacha seo; Pobal & Deonach, Cuimsiú Sóisialta agus Comhshaol, ar fud an chontae.

Tá an LRP deartha le gur féidir le pobail a gcuid tuairimí a chur in iúl i ndáil le hobair an Rialtais Áitiúil agus tugtar deis leis do do ghrúpa ról a ghlacadh i gcinnteoireacht na Comhairle. Tugann sé deis do do ghrúpa a bheith ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí agus sheirbhísí na Comhairle agus líonrú a dhéanamh le grúpaí eile i do cheantar áitiúil agus i d'earnáil. Chun níos mó eolais a fháil faoin LRP agus faoi conas clárú téigh chuig Líonra Rannpháirtíochta Poiblí na Mí.

CUIMHNIGH – Chun rochtain a fháil ar dheontais Chomhairle Chontae na Mí, ní mór go mbeadh do Chumann Cónaitheoirí ina bhall den LRP.

4.6 Cuntas bainc a oscailt

Moltar go n-osclódh agus go gcoinneodh do Chumann Cónaitheoirí cuntas bainc, le hInstitiúid Airgeadais dá rogha féin, a thabharfaidh eolas duit faoi na doiciméid a bheidh uait. Cabhróidh sé sin le do chuid airgeadais a bhainistiú agus bealach trédhearcach é le hioncam agus caiteachas a rianú. Teastaíonn beirt sínitheoirí.

Le haghaidh scéimeanna deontas Chomhairle Chontae na Mí, is gá go mbeadh cuntas bainc ag iarratasóirí toisc gur le Ríomhaistriú Airgid (RAA) amháin a íoctar deontais a dhámhtar.

5. TACAÍOCHT ATÁ AR FÁIL DO CHUMAINN CÓNAITHEOIRÍ

5.1 An Rannóg Pobail i gComhairle Chontae na Mí

Cuireann Comhairle Chontae na Mí raon Deontas ar fáil do ghrúpaí pobail chun cabhrú le gníomhartha agus tionscadail a bhfuiltear ag gabháil dóibh ina gceantar áitiúil. Tá na deontais sin ceaptha le gníomhaíocht phobail agus saoránacht ghníomhach a chothú, agus le feabhsú pobail agus tionscnaimh chomhshaoil a chur chuncinn. Fógraítear na deontais go léir ar láithreán gréasáin Chomhairle Chontae na Mí.

I gcás Chumainn Cónaitheoirí ó eastáit atá faoi úinéireacht Údaráis Áitiúil d'fhéadfadh go mbeadh tacaí ar fáil ag an bhFoireann Idirchaidrimh Tionóntaí don Chumann Cónaitheoirí. Féach Aguisín 8 le haghaidh sonraí teagmhála.

5.2 Gníomhú ar son na hAeráide

Tá ár n-aeráid ag athrú, agus mar thoradh ar theochtaí níos airde, tá cásanna de fhíor-dhrochaimsir ag éirí níos coitianta. Tá sé mar aidhm ag an Mhí a bheith ina geilleagar atá seasmhach ó thaobh na haeráide, inbhuanaithe agus aeráid-neodrach a thacaíonn le stíleanna maireachtála folláine agus fás post.

Oibríonn an Rannóg um Ghníomhú ar son na hAeráide le ranna, gnólachtaí, pobail agus cónaitheoirí chun an fhís sin a réadú, agus chun athrú a bhaint amach laistigh agus lasmuigh den Chomhairle.

Beidh gá le gníomh uainn go léir chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide. Chun níos mó a fháil amach faoi mar a fhéadann tú bheith páirteach agus athrú a dhéanamh, breathnaigh ar an méid seo a leanas:

5.3 An Fhoireann Idirchaidrimh Tionóntaí

Tá Oifigigh Idirchaidrimh Tionóntaí ar fáil do thionóntaí de chuid na comhairle chun dul i gcomhairle leo maidir le haon deacrachtaí a d'fhéadfadh a theacht chun cinn agus chun ceisteanna a fhreagairt maidir lena gcuid comhaontuithe tionóntachta. Tá an Fhoireann Idirchaidrimh Tionóntaí ar fáil freisin chun cabhrú le Cumainn Cónaitheoirí nua a bhunú in eastáit atá tógtha ag an gcomhairle agus chun comhairle a chur ar chumainn atá ann cheana.

Más tionónta de chuid Chomhairle Chontae na Mí thú agus más mian leat teagmháil a dhéanamh leis an bhFoireann Idirchaidrimh Tionóntaí chun comhairle nó eolas a fháil, tá sonraí faoi na tacaí atá ar fáil agus an t-eolas teagmhála ar fáil anseo.

LRP

GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

AN RANNÓG POBAIL I GCOMHAIRLE CHONTAE NA MÍ

AN FHOIREANN IDIRCHAIDRIMH TIONÓNTAÍ

5.4 Tacú leis an Dúlra agus leis an mBithéagsúlacht

Féadann gníomhartha beaga a mbíonn tionchar acu a bheith go mór chun tairbhe an dúlra áitiúil. Ní leis an dúlra amháin a bhaineann na tairbhí sin, toisc go bhfuil sé cruthaithe le fada agus go dtuigtear go maith dá mhó is féidir le daoine iad féin a nochtadh do spás glas amuigh faoin aer agus do thimpeallacht nádúrtha, is amhail is fearr a mhothaíonn daoine, ó thaobh na sláinte meabhrach agus go fisiceach.
Féadann Cumainn Cónaitheoirí ról tábhachtach a ghlacadh ó thaobh ár bpobail a dhéanamh níos báúla don dúlra.

Seo roinnt leideanna le meas más mian le do Chumann Cónaitheoirí féin cabhrú leis an dúlra agus leis an mbithéagsúlacht i do cheantar áitiúil:

1. An bhfuil Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Pobail i bhfeidhm le haghaidh do bhaile nó do shráidbhaile? Téigh i dteagmháil le roinnt grúpaí pobail áitiúla le fáil amach. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí smaointe agus tionscadail do do ghrúpa a thacódh leo.
2. Smaoinigh faoi Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht a cheapadh le haghaidh d'eastáit le cabhair ó ghairmí oiriúnach. Féadann sé sin cabhrú le grúpaí an dúlra agus an bhithéagsúlacht atá sonrach do do cheantar a thuiscint, a chosaint, agus tacú leo.
3. Tacaigh le Plean Uile-Éireann um Pailneoirí. Téigh chuig pollinators.ie chun níos mó eolais a fháil faoin gcaoi ar féidir le Cumainn Cónaitheoirí líonra gnáthóg a chruthú le tacú le pailneoirí, idir limistéir 'Ná lom, lig dó fás' go crainn a chur a thacaíonn le pailneoirí agus leideanna chun úsáid lotnaidicídí a laghdú nó deireadh a chur leis.
4. Bí cúramach le meascáin síolta do bhláthanna fiáine. Féadann speicis nach bhfuil dúchasach amhail poipíní a bheith iontu. Laghdaigh lomadh féir chun bláthanna fiáine a spreagadh.
5. Scaip an scéal. Inis do do chuid chomhchónaitheoirí agus don phobal áitiúil faoin dea-obair atá ar siúl agat, trí chomharthaí a chur suas agus ceardlanna agus siúlóidí dúlra a eagrú.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi na gníomhartha bithéagsúlachta a fhéadann do chumann cónaitheoirí a ghlacadh, smaoinigh faoi chuairt a thabhairt ar na foinsí eolais seo a leanas:

- https://pollinators.ie/
- https://actionforbiodiversity.ie/
- https://www.treecouncil.ie/
- https://www.communityfoundation.ie/

D'fhéadfadh sé go mbeadh an tOifigeach Bithéagsúlachta nó an tOifigeach Oidhreachta ó d'údarás áitiúil in ann tuilleadh comhairle agus tacaíochta a thabhairt.

AGUISÍN 1: TEIMPLÉAD DON CHLÁR DON CHRUINNIÚ TOSAIGH

Dáta: _____

Am: _____

Ionad: _____

Clár

Mír 1: Fáilte agus Cur in Aithne

Mír 2: Aoichainteoir (más ann dó)

Mír 3: Tosaíochtaí / Ábhair Imní

Mír 4: Rún go mbunófaí Cumann Cónaitheoirí, agus go dtoghfaí Coiste

Mír 5: Cathaoirleach Coiste, Leaschathaoirleach, Cisteoir, Rúnaí agus Gnáthbhaill a cheapadh

Mír 6: Aidhmeanna/Cuspóirí an Chumainn Cónaitheoirí a Shocrú

Mír 7: GBE

AGUISÍN 2: TEIMPLÉAD DE CHLÁR DO CHRUINNIÚ COISTE

Dáta: _____

Am: _____

Ionad: _____

Clár

Mír 1: Leithscéalta

Mír 2: Miontuairiscí an chruinnithe is deireanaí

Mír 3: Nithe atá tagtha chun cinn

Mír 4: Comhfhreagras

Mír 5: Tuairisc an chisteora

Mír 6: Tuairisc an rúnaí

Mír 7: Aon mhíreanna eile atá le cur ar an gclár don chruinniú sin.

Mír 8: GBE

Dáta agus ionad a shocrú don chéad chruinniú eile

AGUISÍN 3: TEIMPLÉAD UM BUNREACHT CHUMANN CÓNAITHEOIRÍ

Teideal:

Tabharfar Cumann Cónaitheoirí XXXXX ar an gCumann.

Cuspóirí:

Is iad cuspóirí an Chumainn coinníollacha agus áiseanna sa cheantar a chosaint agus a fheabhsú ar mhaithe leis na baill agus a dteaghlach.

Ballraíocht:

Tá ballraíocht oscailte do gach sealbhóir tí i gceantar (sainigh na teorainneacha geografacha). Measfar gur ball é sealbhóir tí ar bith dá leithéid, má tá a shíntiús bliantúil íoctha aige.

Síntiús:

Is é an síntiús bliantúil a bheidh le híoc ná € XXXXX in aghaidh an teaghlaigh, nó cibé suim a d'fhéadfaí a shocrú ó am go chéile ag Cruinniú Ginearálta, agus beidh sé dlite ar an gcéad lá de XXXXX i ngach bliain agus ní mór é a íoc laistigh de 30 lá.

Coiste:

Ar an gCoiste beidh Cathaoirleach, Rúnaí, Cisteoir agus XXXXX ball, agus toghfar gach bliain é ag an gCruinniú Cinn Bliana. I gcás go n-imeodh duine ón gceantar nó go n-éireoidís as an gcoiste, dhéanfadh na baill eile den choiste ball eile a chomhthoghadh chun an post a líonadh.

Ní bheidh an oifig chéanna ag Oifigeach ar feadh tráth níos faide ná XXXXX bliain. I gcás Oifigeach nó Ball Coiste nach dtéann chuig XXXXX cruinniú i ndiaidh a chéile nó chuig an gcoiste gan leithscéal ceart, measfar go bhfuil siad éirithe as an gCoiste.

Toghfar beirt ghnáthbhall den Chumann, nach bhfuil gaolta le ball ar bith den choiste, ag an CCB mar Iniúchóirí an Chumainn.

Bainistíocht:

Dílseofar don choiste bainistíocht ghinearálta ghnóthaí an Chumainn, agus glacfaidh sé gach gníomh, de réir mar a mheasfar a bheith riachtanach nó oiriúnach chun cur le cuspóirí an Chumainn.

Nós Imeachta Baincéireachta:

Beidh cunta(i)s bainc ag an gCumann ina lóisteálfar an t-airgead go léir a gheofar. Síneoidh an Cisteoir, chomh maith leis an gCathaoirleach nó an Rúnaí na seiceanna go léir. Beidh cuntas an Chumainn dúnta chun críocha iniúchóireachta ar an lá deireanach de XXXXX gach bliain.

Cruinnithe Coiste:

Is é an Rúnaí a thionólfaidh gach cruinniú, agus tabharfaidh sé fógra do gach ball den choiste faoi dhátaí agus amanna na gcruinnithe sin. Féadfaidh XXXXX ball ar bith den choiste cruinniú a ghairm, ach fógra scríofa a thabhairt don Rúnaí. Beidh XXXXX ball, lena n-áireofar oifigeach amháin ar a laghad, mar chóram do chruinnithe coiste. Coinneoidh an Rúnaí miontuairiscí cruinnithe agus taifid ar thinreamh.

Cruinniú Cinn Bliana:

Reáchtálfar Cruinniú Cinn Bliana an Chumainn le linn mhí XXXXX gach bliain. Ní mór fógra a thabhairt, i scríbhinn, do gach ball íoctha, 21 lá ar a laghad roimh an gcruinniú. Féadfaidh gach ball den Chumann rúin a chur isteach le plé ag an CCB. Ní mór go bhfaigheadh an Rúnaí na rúin sin tráth nach déanaí ná XXXX lá/seachtain roimh an gcruinniú.

Cruinniú Ginearálta Urghnách:

Féadfaidh an coiste Cruinniú Ginearálta Urghnách a ghairm nó féadfar sin a dhéanamh le foréileamh agus é sínithe ag XXXXX gnáthbhall den Chumann ar a laghad, agus é seachadta chuig an Rúnaí, agus ní mór dóibh faoi seach an cruinniú sin a ghairm laistigh de XXXXX seachtain ón dáta ar a fhaightear an foréileamh sin. Ní fhéadfar ach an gnó atá sonraithe san fhoréileamh a phlé ag an gCruinniú Ginearálta Urghnách, agus cuirfear sonraí faoin ngnó sin san áireamh san fhógra faoin gcruinniú a sheolfar chuig gach ball.

Cearta Vótála agus Córam:

Beidh XXXXX ball mar chóram do Chruinniú Cinn Bliana nó do Chruinniú Ginearálta Urghnách. Mura mbaintear amach córam, déanfar an cruinniú a athghairm, agus cuirfear gach ball ar an eolas faoin dáta agus faoin ionad nua. Comhdhéanfar córam leo siúd atá i láthair ag cruinniú athghairthe. Ag gach Cruinniú Ginearálta, ní bheidh ach vóta amháin ag gach teaghlach atá ina bhall. Déanfar vótáil ag gach Cruinniú Ginearálta le comhaireamh lámh, ach amháin i gcás go n-éilítear ballóid, agus go dtacaíonn tromlach simplí leis an éileamh sin.

Lánscor: Ní fhéadfar an Cumann a lánscor ach le vóta ó XXXXX % ar a laghad díobh siúd atá i láthair ag Cruinniú Ginearálta Urghnách a ghairtear chun na críche sin. Cuirfear tuairisc airgeadais iniúchta i láthair ag an gcruinniú sin. Ní dhéanfar an lánscor go mbeidh sócmhainní diúscartha agus dliteanais íoctha. I gcás nach bhfuil dóthain cistí ann le dliteanais a íoc, cuirfidh na baill reatha leis an easnamh a chlúdach, i scaireanna comhionanna.

Slánaíocht: Beidh Oifigigh go léir an Chumainn slánaithe ag an gCumann i gcomhair speansas ar bith a thabhófar agus iad ag comhlíonadh a gcuid dualgas, thar ceann, agus de réir threoir, Choiste an Chumainn.

Glacadh leis na Rialacha: Tabharfar le tuiscint le ballraíocht ar an gCumann go nglactar leis na rialacha sin go léir, agus le haon rialacha breise agus/nó athruithe, a bhféadfaí teacht ar chomhaontú ina leith ag Cruinnithe Ginearálta.

Léirmhíniú: Idir an dá linn beidh cumhacht iomlán ag an gCoiste chun cinneadh a dhéanamh i leith ceist ar bith nach bhfuil foráil déanta di sna rialacha seo agus beidh sé freagrach as an leasú cuí a mholadh chomh luath agus is féidir.

Leasú na Rialacha: Ní leasófar na rialacha seo, ní chuirfear leo, ná ní athrófar iad ar bhealach ar bith, ach le cead XXXXX % ar a laghad de na baill atá i láthair agus atá cáilithe le vótáil ag an gCruinniú Cinn Bliana nó ag an gCruinniú Ginearálta Urghnách a ghlaoitear chun na críche sin agus i gcomhréir leis na rialacha seo

AGUISÍN 4: RÓL NA NOIFIGEACH AG CRUINNITHE COISTE

An Cathaoirleach

- Cuireann siad fáilte roimh dhaoine agus cuireann siad tús le cruinnithe coiste.
- Déanann siad cinnte go n-ullmhaítear clár don chruinniú i gcomhairle leis an Rúnaí.
- Bogann siad tríd an gclár le linn an ama atá socraithe agus molann siad rannpháirtíocht iomlán na mball agus é sin á dhéanamh acu.
- Síníonn siad na miontuairiscí nuair a aontaítear iad (nó faoi réir leasaithe má theastaíonn).
- Déanann siad cinnte go dtuigeann an grúpa go soiléir an méid a cinneadh, cé a bheidh i mbun cúraimí ar leith agus cén uair.
- Eagraíonn siad an chéad chruinniú eile.
- Tá siad ar dhuine de na sínitheoirí don chuntas Bainc.
- Cuireann siad tús leis an CCB, tugann siad tuairisc an Chathaoirligh agus fanann siad mar Chathaoirleach go dtoghfar nó go n-atoghfar Cathaoirleach nua don phost.

An Rúnaí

- Déanann siad cinnte go n-ullmhaítear clár don chruinniú coiste (agus go scaiptear é má aontaítear é).
- Déanann siad taifead ar thinreamh.
- Léann siad agus déanann siad taifead ar na miontuairiscí - cé a dhéanann cúraimí éagsúla agus cén uair.
- Tugann siad tuairisc ar an gcomhfhreagras go léir ag an gcruinniú agus pléann siad le freagraí comhaontaithe etc
- Ullmhaíonn siad agus cuireann siad i láthair tuairisc an Rúnaí ag an CCB agus fanann siad mar Rúnaí go dtoghfar nó go n-atoghfar Rúnaí nua don phost.

An Cisteoir

- Tá siad ar dhuine de na sínitheoirí don chuntas Bainc.
- Coinníonn siad na taifid airgeadais.
- Déanann siad íocaíocht/lóisteálacha thar ceann an choiste.
- Cuireann siad tuairisc airgeadais i láthair ag an gcruinniú coiste
- Ullmhaíonn siad agus cuireann siad i láthair tuairisc don CCB agus fanann siad mar Chisteoir go dtoghfar nó go n-atoghfar Cisteoir nua don phost.

AGUISÍN 5: CÓD SCOTHCHLEACHTAIS AN CHUMAINN CÓNAITHEOIRÍ

1.0 Déanfaidh coistí pobail agus grúpaí cónaitheoirí a sholáthraíonn seirbhís den scoth na nithe seo a leanas:

1.1 Beidh siad cúirtéiseach i gcónaí agus iad ag plé le baill foirne, conraitheoirí, gníomhaireachtaí, cónaitheoirí eile agus baill den phobal agus ní úsáidfidh siad riamh teanga ghnéasaíoch, chiníoch, mhaslach nó teanga mhí-oiriúnach eile;

1.2 Déanfaidh siad ionadaíocht ar leasanna cónaitheoirí ina gceantar/ina n-eastát agus déanfaidh siad iarracht tuairimí an phobail a léiriú agus a thuiscint;

1.3 tabharfaidh siad fógra coicíse ar a laghad do chónaitheoirí faoi gach cruinniú. Forbróidh grúpa cónaitheoirí a léiríonn an dea-chleachtas, sceideal bliantúil cruinnithe más féidir

1.4 Tabharfaidh siad aiseolas do bhaill faoi phlé ag fóraim;

1.5 cuirfidh siad miontuairiscí gach cruinnithe ar fáil do gach duine atá i láthair. Féadann gach cónaitheoir cóip a fháil ach í a iarraidh:

1.6 cuirfidh siad nuachtlitir amháin ar a laghad ar fáil gach bliain chun baill agus cónaitheoirí a chur ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí.

1.7 reáchtálfaidh siad CCB oscailte agus inrochtana uair amháin ar a laghad le haghaidh cónaitheoirí le linn bhliain an choiste. Ba cheart fógra leordhóthanach a thabhairt agus gach iarracht a dhéanamh freastal a spreagadh agus a chur chun cinn. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis sin, mar shampla, cláir fógraí, litreacha, na meáin shóisialta agus nó bileoga a úsáid.

1.8 reáchtálfaidh siad cruinnithe ar bhealach gairmiúil agus fáilteach agus baill an choiste suite chun tosaigh ag Cruinnithe Oscailte agus Cruinnithe Cinn Bliana agus baill chomh maith le haíonna curtha in aithne do thoscairí;

1.9 beidh nósanna imeachta airgeadais scríofa acu a gcloífidh siad leo agus beidh triúr sínitheoirí bainc acu nár cheart a bheith gaolta lena chéile agus ar cheart baint a bheith acu le teaghlaigh dhifriúla. Beidh gá le beirt sínitheoirí ar gach seic. Ba cheart tuairiscí scríofa ar ioncam agus ar chaiteachas a chur i láthair ag gach cruinniú agus ba cheart liosta cuimsitheach den ioncam agus den chaiteachas don bhliain a thabhairt do gach ball a fhreastalaíonn ar an CCB le hiniúchadh;

1.10 beidh polasaí soiléir agus éifeachtach acu chun plé le sáruithe agus díospóidí;

1.11 léireoidh siad an chaoi a bhfuil scileanna forbartha ag an gcoiste agus baill nua spreagtha aige.

1.12 reáchtálfaidh siad cruinnithe in ionaid atá inrochtana agus cuí do gach cónaitheoir agus ball foirne;

1.13 rachaidh siad i gcomhairle le baill de réir mar is cuí agus ar bhealach leordhóthanach agus tabharfaidh siad torthaí an aiseolais ón gcomhairliúchán i ndáil le scéim bheag scáth-thithíochta, sráid amháin nó eastát iomlán.

2.0 Coinbhleachtaí Leasa

Ba cheart do bhaill aonair leas ar bith a nochtadh cibé acu gur leas pearsanta é nó go mbaineann sé le grúpa ar a ndéanann siad ionadaíocht, a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá gcur chuige i leith an ábhair atá á phlé nó tionchar a imirt air.

3.0 Rúndacht

Ba cheart do bhaill meas a léiriú ar rúndacht gach cónaitheora aonair, cibé acu an bhfuil siad i láthair nó nach bhfuil agus níor cheart cásanna sonracha aonair a lua a d'fhéadfadh náire a chur ar dhuine nó a bhféadfadh sé go n-aithneofaí iad dá mbarr.

4.0 Sárú ar an gCód Scothchleachtais

- Mura gcloíonn ball de choiste an CC nó ball den phobal leis an gcód scothchleachtais, tabharfaidh an cathaoirleach rabhadh dóibh go n-iarrfar orthu an coiste a fhágáil má sháraíonn siad an cód arís. Pléifidh an CC leis sin go neamhspleách.
- Féadfaidh an cathaoirleach dhá rabhadh eile (trí rabhadh ar a mhó i gcruinniú nua ar bith agus/nó trí chruinniú i ndiaidh a chéile) a thabhairt don bhall den CC, den choiste nó don bhall den phobal.
- Má leanann an ball den CC, den choiste nó an ball den phobal orthu ag tabhairt neamhairde ar an gcód iarrfaidh an cathaoirleach ar an gcruinniú vóta a chaitheamh maidir le cibé acu ar cheart iarraidh ar an mball imeacht.

AGUISÍN 6: TREOIRLÍNTE AIRGEADAIS DO CHUMAINN CÓNAITHEOIRÍ, TREOIRLÍNTE AIRGEADAIS SAMPLACHA DO CHUMAINN CÓNAITHEOIRÍ

1. Tá cuntas bainc le hoscailt le hInstitiúid airgeadais.

2. Teastaíonn beirt sínitheoirí chun airgead ar bith a aistarraingt. Ba cheart gurb iad Cathaoirleach, Rúnaí agus Cisteoir an Chumainn a bheadh i gceist ansin. Níor cheart go mbainfeadh sínitheoirí leis an teaghlach céanna.

3. Ní úsáidfidh an cumann seic oscailte ná réamhshínithe ar chúinsí ar bith.

4. Ní mór go mbeadh fáil trealaimh nó caiteachas ar bith eile sa bhreis ar €xx faoi réir rúin ag an gcoiste.

5. Ní mór don Chisteoir fardal a choinneáil de na míreanna go léir a cheannaítear, lena n-áirítear an praghas ceannaigh, i dteannta leis na sonraí iomlána ar na speansais agus an caiteachas eile go léir. Ní mór an fardal a chur ar fáil le hiniúchadh ach é a iarraidh uair ar bith.

6. Níor cheart airgead ar bith a íoc le baill den choiste seachas speansais as póca (e.g. taisteal, guthán, stáiseanóireacht etc.).

7. I gcás ina n-éilítear airgead i gcomhair speansais taistil (e.g. freastal ar Fhóraim Réigiúnacha, oiliúint, comhdhálacha etc.) teastaíonn na sonraí seo a leanas; cúis le freastal, dáta an fhreastail, fad chuige agus uaidh, míleáiste iomlán éilithe.

8. I gcás ina n-éilítear airgead as guthán teastaíonn bille miondealaithe agus gach glao dá dtagraítear leis an éileamh aitheanta ann.

9. Féadfaidh an Cisteoir mionairgead suas go huasmhéid €xx a choinneáil i gcomhair speansas teagmhasach mar stáiseanóireacht, stampaí, speansais as póca etc. Níor cheart airgead ar bith a eisiúint gan admháil.

10. Ní mór taifead ceart a choinneáil den ioncam agus den chaiteachas go léir a choinneofar ar feadh gach bliain airgeadais. Ní mór do dhuine neamhspleách a bhfuil dea-chlú air lasmuigh den eagraíocht na leabhair a iniúchadh. Ní mór cóipeanna de na cuntais iniúchta a chur i láthair an Chruinnithe Cinn Bliana.

11. Ní mór don Chisteoir tuairisc a thabhairt ar shonraí an chaiteachais agus an ioncaim go léir ag gach cruinniú den chumann le haghaidh na tréimhse ón gcruinniú roimhe.

12. Ní mór na rialacha seo a thabhairt chuig an dara cruinniú tar éis CCB le hathbhreithniú agus le leasú más gá.

Glacadh leo ar (dáta)

Sínithe Cisteoir Cathaoirleach

AGUISÍN 7: SEICLIOSTA CHUN CUMANN CÓNAITHEOIRÍ A BHUNÚ

- Cruinniú tosaigh a eagrú.
- Baill Coiste a Thoghadh
- Cathaoirleach
- Leaschathaoirleach
- Rúnaí
- Cisteoir
- Baill Coiste
- Bunreacht a Cheapadh don Chumann Cónaitheoirí
- Cuntas Bainc a Oscailt
- Clárú leis an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí.
- Sceideal cruinnithe a leagan amach

AGUISÍN 8:TEAGMHÁLAITHE ÚSÁIDEACHA

Meath County Council

- Comhairle Chontae na Mí, Teach Buvinda, Bóthar Bhaile Átha Cliath, An Uaimh, Co. na Mí C15Y291 046 9097000 - customerservice@meathcoco.ie
- An Rannóg Pobail i gComhairle Chontae na Mí – community@meathcoco.ie
- An Rannóg Gníomhaithe ar son na hAeráide i gComhairle Chontae na Mí – climateactionMCC@meathcoco.ie
- Deontais Phobail - communitygrants@meathcoco.ie
- Mórtas Áite - prideofplace@meathcoco.ie
- An Líonra Rannpháirtíochta Poiblí meathppn@meathcoco.ie
- An Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail meathcsp@meathcoco.ie
- Healthy Meath (An Mhí Shláintiúil) healthymeath@meathcoco.ie
- An Fhoireann Idirchaidrimh Tionóntaí (An fhoireann bainistíochta eastáit le haghaidh réadmhaoin údaráis áitiúil) tenantliaison@meathcoco.ie
- Bithéagsúlacht biodiversity@meathcoco.ie
- Sábháilteacht Dóiteáin Pobail de chuid Seirbhísí Dóiteáin na Mí CommunityFireSafety@meathcoco.ie

Seirbhísí Éigeandála

112/ 999

Seirbhísí Dóiteáin na Mí -

Tionscnaimh Sábháilteachta Dóiteáin Pobail

Stáisiún	Seoladh	Uimhir Theagmhála	Uaireanta Oscailte
Cill Dhéagláin	Sráid Fhreidric, Cill Dhéagláin	01 8010600	24/7
Baile Átha Buí	Sráid an Droichid Íochtarach, Baile Átha Buí	046 9432201	Éagsúil
Baile Íomhair	Bóthar an Mhuilinn Chearr, Baile Íomhair	046 9546002	Éagsúil
Damhliag	An PhríomhshráidDámhliag	041 9823222	Éagsúil
Dún Búinne	Dún Búinne	01 8252211	Éagsúil
Dún Seachlainn	An Phríomhshráid Dún Seachlainn	01 8258600	Éagsúil
An Bóthar Buí	An Phríomhshráid, An Bóthar Buí	046 9541460	Éagsúil
Ceanannas	Faiche an Aonaigh, Ceanannas	046 9280820	24/7
Baile an Lígh		041 9827074	
Longwood	Longwood	046 9554570	Éagsúil
Maigh Dearmhaí	Maigh Dearmhaí	046 9079930	Éagsúil

Stáisiún	Seoladh	Uimhir Theagmhála	Uaireanta Oscailte
An Obair	An Phríomhshráid, An Obair	046 9052182	Éagsúil
An Seanchaisleán	Sráid an Teampaill, An Seanchaisleán	049 8541102	Éagsúil
Baile Shláine	An PhríomhshráidBaile Shláine	041 9824202	Éagsúil
Cnoc an Línsigh	Cnoc an Línsigh	046 9557002	Éagsúil
Baile Átha Troim	Sráid an Chaisleáin, Baile Átha Troim	046 9481540	24/7

Comhpháirtíocht na Mí - Aonad J & K, Páirc Ghnó Cheanannais, Bóthar an Chabháin, Ceanannas, Co. na Mí, A82 N6P8 046 9280790 info@meathpartnership.ie,

Ionad Saorálaithe na Mí - Aonad J & K, Páirc Ghnó Cheanannais, Bóthar an Chabháin, Ceanannas, Co. na Mí, A82 N6P8 046 9280790 info@volunteermeath.ie

www.meath.ie